BCG agus do leanbh

Leanaí a chosaint in éadan na hEitinne

Irish translation of *BCG and your baby – protecting babies against TB*

Tá an bhileog seo ag cur síos ar an vacsaíniú BCG (Bacillus Calmette-Guerin) atá á thairiscint chun do leanbh a chosaint in éadan na hEitinne.

Cad é atá sa vacsaín BCG?

Bíonn foirm lagaithe den bhaictéir is cúis le hEitinn sa vacsaín BCG. Mar go bhfuil sé lagaithe ní thugann sé an Eitinn don leanbh, ach cuidíonn sé leis an leanbh a chosaint, nó imdhíonacht a thabhairt dó/di in éadan na haicíde má bhíonn teagmháil acu leis.

Cad é atá san Eitinn?

Is aicíd an-tógálach an Eitinn a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le meiningíteas eitinne (at ar líneáil na hinchinne) i leanaí. Téann sé i bhfeidhm ar na scámhóga i ndaoine óga agus i ndaoine fásta de ghnáth, ach tig leis dul i bhfeidhm ar fhaireoga, ar an inchinn nó ar na cnámha fosta. Glacann cóireáil Eitinne cuid mhór míonna. Cé go dtagann formhór na ndaoine sa tír seo slán ón chóireáil, tig le meiningíteas Eitinne a bheith marfach nó a bheith ina chúis le míchumas tromchúiseach.

Conas a fhaightear Eitinn?

Ní thig leat Eitinn a fháil ach ó dhuine a bhfuil a scámhóga nó a sceadamán infhabhtaithe cheana agus atá ag casachtach. Nuair a bhíonn casacht air, cruthaítear sprae de bhraoiníní bídeacha a mbíonn frídíní iontu. Má ghlacann tú na braoiníní isteach le d'anáil tig leat an aicíd a thógáil. Cé go dtig leis an braoiníní seo fanacht san aer ar feadh tréimhsí measartha fada, go ginearálta, ní scaiptear an aicíd ach trí theagmháil dhlúth fhada leis an duine galrach.

Cé chomh coitianta is atá an Eitinn?

Bhí níos mó ná 50,000 cás úr Eitinn sa RA gach bliain sna 1950í. Tá sé seo titithe go timpeall 7,000 cás sa bhliain (agus timpeall 60-80 díobh sin i dTuaisceart Éireann) ach is méadú é sin féin ó timpeall 5,500 cás sa bhliain sna 1990í luatha. Mar sin, más beag seans go dtógfaidh tú an aicíd, ba chóir go mbeadh gach duine eolach ar chomharthaí na hEitinne. Tá tábhacht ar leith leis seo mar go bhfuil an Eitinn go forleathan ar fud an domhain agus ag méadú i gcuid mhór áiteanna (amharc liosta na dtíortha). Agus níos mó daoine ag taisteal ar fud an domhain, tá an baol ann go mbeidh teagmháil ag daoine a chónaigh nó a bhí ag obair i dtíortha ina bhfuil rátaí arda Eitinn leis an aicíd nó go dtabharfaidh siad isteach sa tir seo í.

Cad iad comharthaí na hEitinne?

Tig le tionchar a bheith ag an Eitinn ar chuid ar bith den cholainn, agus d'fhéadfadh comharthaí difriúla den aicíd a bheith i leanbh agus i nduine fásta. Ach, mar gur aicíd thógálach í an Eitinn, tá sé tábhachtach go n-aithneofá an aicíd i nduine eile. Ba chóir labhairt le dochtúir má tá aon cheann díobh seo ar do leanbh, ar aon bhall de do theaghlach nó ar chara:

- casacht a leanann níos faide ná trí seachtaine
- fiabhras
- cur allais, go háirithe san oíche
- cailliúint mheáchain
- mothú tuirse
- fuil leis an chasacht.

Cad chuige a bhfuil BCG á thairiscint do mo leanbh?

Sa Ríocht Aontaithe, agus i go leor tíortha eile, tairgítear BCG do leanaí a bhfuil níós mó seans acu teagmháil le duine a bhfuil Eitinn air ná mar atá ag an ghnáthphobal. Sin mar go bhfuil cónaí orthu i gceantar ina bhfuil rátaí arda Eitinne nó gur tháinig a dtuismitheoirí nó a seantuismitheoirí ó thír ina bhfuil ráta ard Eitinne (féach liosta na dtíortha). Tá an vacsaíniú saor in aisce agus de ghnáth tairgítear é tar éis na breithe san ospidéal nó nuair a thagann tú abhaile.

Cén dóigh a ndéantar mo leanbh a iomdhíonú?

Tabharfar an vacsaíniú BCG don leanbh ar an chuid uachtarach dá sciathán clé.

An mbíonn fothorthaí ann?

Díreadh i ndiaidh an insteallta éireoidh neascóid aníos. Léiríonn sé seo gur tugadh an t-instealladh i gceart.

Laistigh de choicís nó sé seachtaine ón instealladh, beidh spota beag le feiceáil. Tig leis seo a bheith nimhneach go leor ar feadh cúpla lá, ach cneasóidh sé de réir a chéile mura gclúdaítear é. D'fhéadfadh colm beag a fhágáil.

Amanna, tagann cneá éadomhain ar an leanbh san áit a bhfuair séan t-instealladh. Má tá leacht ag púscadh as seo agus má gá é a chlúdach, úsáid fáiscín tirim – seachas plástar – go dtí go mbíonn gearb ann. D'fhéadfadh roinnt míonna dul thart sula gcneasaíonn an cneá seo.

Má tá imní ort nó má shíleann tú go bhfuil an cneá ionfhabhtaithe, gabh chuig dochtúir nó altra.

Tig le frithghníomh ailléirgeach tarlú mar gheall ar vacsaíniú corruair, mar shampla gríos nó tochas ar chuid den cholainn nó ar an cholainn uilig.

Rud fíorannamh é go mbeadh frithghníomhú an-ghéar ag leanaí in éadan an imdhíonta, le deacrachtaí anála agus tnáitheadh fiú. Tugtar anaifiolacsas air seo. Léiríonn staidéar le gairid go dtuairiscítear cás amháin anaifiolacsais as timpeall leathmhilliún imdhíonú. Cé gur ábhar imní iad frithghníomhaithe ailléirgeacha, tagann téarnamh gasta iomlán le cóireáil.

An bhfuil cúis ar bith ann nár chóir do mo leanbh vacsaíniú BCG a fháil?

Níor chóir an t-instealladh a thabhairt nó ba chóir moill a chur air ar na cúiseanna seo:

- fiabhras ard ar an leanbh
- cóireáil fá choinne ailse nó coinníolacha tromchúiseanna eile a lagaíonn an córas imdhíonaithe a bheith á fháil ag an leanbh
- má tá an leanbh, nó a mháthair, VEID-dhearfach
- má tá coinníol ginearálta craicinn ar nós eachma ar an leanbh
- má tá an leanbh le bheith ina chónaí le duine a bhfuil amhras Eitinne air nó an aicíd dearbhaithe ach gan chóireáil go fóill. Sa chás seo, b'fhéidir go gcaithfear an vacsaíniú BCG a chur siar – pléifear é seo leat.

An bhfuil eolas ar bith eile de dhíth orm?

Tig le do leanbh tosú ar a ghnáth-imdhíonaithe ag dhá mhí d'aois cuma cén uair a fhaigheann siad a BCG.

Ach ba chóir duit a chinntiú nach bhfaigheann do leanbh instealladh ar bith eile sa ghéag céanna leis an BCG ar feadh trí mhí ar a laghad, ar eagla go n-atfadh na faireoga sa cheantar sin.

Déan cinnte fosta go bhfuil taifead den vacsaíniú BCG ar Thaifead Pearsanta Sláinte Linbh (PCHR) do leanaí ar mhaithe le tagairtí amach anseo.

Cén dóigh a mbeidh a fhios agam go bhfuil vacsaíniú BCG de dhíth ar mo leanbh?

Má thugann tú freagra dearfach ar cheist ar bith díobh seo ba chóir vacsaíniú BCG a thabhairt do do leanbh mura raibh sé aige cheana:

- An bhfuil ceachtar de thuismitheoirí nó de sheantuismitheoirí do leanbh as tír ina bhfuil ráta ard Eitinne?
- An mbeidh tusa nó do leanbh ag dul a chónaí ar feadh míosa nó níos mó nó ag taisteal go minic go ceann do na tíortha seo go luath?
- An bhfuil aon duine i do theach, nó aon duine eile a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil dhlúth le do leanbh, a bhfuil Eitinn acu, nó a raibh sé acu le cúig bliana anuas nó a thagann as ceann de na tíortha seo?

An féidir liom vacsaíniú BCG a iarraidh dom féin nó do mo leanaí?

Ní thairgeofar vacsaíniú BCG ach do dhaoine atá i mbaol sonrach Eitinne (amharc an cheist roimhe seo). Déanfar tú féin nó do leanbh a mheas le fáil amach an mbaineann na critéir seo leat sula dtairgeofar vacsaíniú daoibh.

Tíortha le rátaí bliantúla Eitinne de 40/100,000 den daonra nó níos mó

An Afganastáin
An Ailgéir
Angóla
An Argaintín
An Airméin
Asarbaiseáin
Na Bahamaí
An Bhairéin
An Bhangladéis
An Bhealarúis
An Bheilís
Beinin
An Bhutáin
An Bholaiv
An Bhoisnia-Heirseagaivéin
An Bhotsuáin
An Bhrasaíl
Brúiné Darussalam
Burma (Muanmar)
An Bhulgáir
Buircíne Fasó
An Bhurúin

An Chambóid
Camarún
Cape Verde
Poblacht na hAfraice Láir
Sead
An tSín
An tSín, Hong Cong
An tSín, Macao
An Cholóim
Oileáin Comoros
Côte d'Ivoire
An Chroáit

Poblacht Dhaonlathach na Cóiré
Poblacht Dhaonlathach an Congó
Djibouti
An Phoblacht Dhoiminiceach

Eacadór
An tSalvadóir
An Ghuine Mheánchiorclach
An Eiritré
An Eastóin
An Aetóip

An Ghabún
An Ghaimbia
An tSeoirse
Gána
Guam
Guatamala
An Ghuine
Guine-Bissau
An Ghuáin

Háití
Hondúras

An India
An Indinéis
An Iaráic

An Chasacstáin
An Chéinia
Kiribati
An Chirgeastáin

Laos
An Laitvia
Leosóta
An Libéir
An Liotuáin

Madagascar
An Mhaláiv
An Mhalaeisia
Oileáin Mhaildíve
Mailí
Oileáin Marshall
An Mháratáin
Oileán Mhuiris
An Mhicrinéis (Stáit Chodhnaidhme)
An Mhongóil
Maracó
Mósaimbíc

An Namaib
Neipeál
An Nua-Chaladóin
Nicearagua
An Nígir
An Nigéir
Oileáin Mhariana Thuaidh

An Phacastáin
Palau
Panama
Papua Nua-Ghuine
Paragua
Peiriú
Na hOileáin Fhilipíneacha
An Phortaingéil

Catar

Poblacht na Cóiré
Poblacht na Moldóive
An Rómáin
Comhnaidhm na Rúise
Ruanda

Sao Tome agus Principe
An Araib Shádach
An tSeineagáil
Siarra Leon
Singeapór
Oileáin Sholamain
An tSomáil
An Afraic Theas
Srí Lanca
An tSúdáin
Suranam
An tSuasalainn
Poblacht Arabach na Siria

An Taidsiceastáin
An Tansáin
An Téalainn
Timor-Leste
Tóga
An Tuircméanastáin

Uganda
An Úcráin
Poblacht Aontaithe na Tansáine
An Úisbéiceastáin

Vanuatú
Veiniséala
Vítneam

Poblacht Éimin

An tSaimbia
An tSiombáib

Tá liosta suas chun dáta de thíortha ina bhfuil ráta ard Eitinn le fáil ag:
www.hpa.org.uk/infections/topics_az/tb/epidemiology/who_table2.htm

Má tá a thuilleadh eolais uait faoin Eitinn, nó faoin vacsaín BCG nó faoi imdhíonú ar bith eile, nó má tá an bhileog seo uait i dteangacha eile, labhair le do dhochtúir, le do chuairteoir sláinte, do chnáimhseach nó le haltar, nó gabh chuig suíomh idirlín an DHSSPS: **www.dhsspsni.gov.uk/phealth**
Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:
www.immunisation.nhs.uk

Cuimhnigh: glacann cóireáil Eitinne cuid mhór ama, is fusa go mór í a chosc.

Health Promotion Agency

Department of Health, Social Services and Public Safety
www.dhsspsni.gov.uk

Produced by the Health Promotion Agency for Northern Ireland on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety and the four Health and Social Services Boards. Crown Copyright material reproduced with the permission of the Controller of HMSO and the Queen's Printer for Scotland.

06/06